AN CHOMHAIRLE UM THAIGHDE IN ÉIRINN DÁMHACHTAINÍ THAIGHDEOIR NA BLIANA 2023 – TREOIRLÍNTE

Clár na nÁbhar

Réamhrá 2
Achoimre ar na catagóirí dámhachtana....2
- Catagóir 1 — Taighdeoir na Bliana 2
- Catagóir 2 — Taighdeoir Luathghairme na Bliana 3
- Catagóir 3 — Dámhachtain Tionchair 3
- Catagóir 4 — Duaiseanna do Chomhghuaillithe Taighde 3

Critéir cháilitheachta: catagóir 1 – 3 4
Critéir cháilitheachta: catagóir 4 5
An próiseas ainmniúcháin: catagóir 1 – 2....5
An próiseas ainmniúcháin: catagóir 3 6
An próiseas ainmniúcháin: catagóir 4 6
Bronnadh an ndámhachtainí 8
Aguisín 1: Cineálacha tionchair....9
Aguisín 2: Céard é comhghuaillí taighde?....10
Aguisín 3: Sosanna gairme incháilithe 11

Réamhrá

Tá a ghairm ar ainmniúcháin do dhámhachtainí Thaighdeoir na Bliana 2023 oscailte ag An Chomhairle um Thaighde in Éirinn. Is í seo an seachtú bliain a bhfuil na dámhachtainí seo á reáchtáil, dámhachtainí a bhfuil sé mar aidhm leo ardmholadh a thabhairt dár ndámhachtaithe agus alumni is fearr[1] a chuir, nó atá ag cur ar bhealach luachmhar le heolas, sochaí, cultúr nó nuálaíocht.

Chomh maith leis sin, mar chuid de na dámhachtainí tabharfar ardmholadh do ról meantóirí, maoirseoirí, oifigeach taighde agus ball foirne tacaíochta teicniúla atá páirteach i gcóras ardoideachais agus taighde na hÉireann (is cuma cibé acu atá nó nach bhfuil siad á maoiniú ag IRC) as tacú leis an bpobal acadúil ag gach leibhéal gairme.

Catagóirí dámhachtana 1 – 3: beidh moltóireacht á déanamh ag painéal neamhspleách saineolaithe ar na catagóirí seo, painéal a mbeidh ceathrar saineolaithe idirnáisiúnta agus cathaoirleach neamhvótála ó chóras taighde na hÉireann páirteach ann, agus beidh a gcinneadh siúd críochnaitheach. Bronnfar **Dámhachtain chatagóir 4** ar gach ainmní a chomhlánaíonn an fhoirm ainmniúcháin agus a chomhlíonann na critéir incháilitheachta.

Achoimre ar na catagóirí dámhachtana

Fáiltítear roimh ainmniúcháin faoi cheithre chatagóir[2]. Maidir leis an gcéad thrí chatagóir, ba cheart go mbeadh fianaise le fáil sna hainmniúcháin ar an tábhacht a bhaineann le maoiniú IRC chomh fada is a bhaineann le héachtaí an ainmní mar thaighdeoir i gcatagóir ar leith.

Catagóir 1 — Taighdeoir na Bliana

Bronnfar dámhachtain amháin ar **thaighdeoir cumasach le neart taithí** atá ag obair in Institiúid Ard-Oideachais (HEI) nó in Eagraíocht Déanta Taighde (RPO) faoi láthair, ar dámhachtaí ainmnithe é nó í de IRC roimhe seo nó faoi láthair, agus atá, tráth déanta an ainmniúcháin, ag cur ar bhealach eisceachtúil le taighde ina réimse féin.

Déanfar meastóireacht ar an gcatagóir seo bunaithe ar shamplaí a thugann bunús le:

- taighde ar archaighdeán — bunaithe ar aschur taighde, lena n-áirítear saothar foilsithe; aitheantas náisiúnta agus idirnáisiúnta; dámhachtainí taighde faighte;
- fianaise ar cheannaireacht ina réimse:
- torthaí taighde a roinnt;
- tionchar an taighde ar eolas, teagasc agus foghlaim, an tsochaí, cultúr nó nuálaíocht.

[1] Áirítear anseo iardhámhachtaithe réamhtheachtaithe na Comhairle um Thaighde in Éirinn, eadhon An Chomhairle um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta (IRCHSS) agus Comhairle Taighde na hÉireann um na Daonnachtaí agus na hEolaíochtaí Sóisialta (IRCSET).

[2] Coimeádann IRC an ceart dámhachtainí breise a dhéanamh lasmuigh den cheithre chatagóir a bhfuil cur síos déanta orthu sa doiciméad seo.

Catagóir 2 — Taighdeoir Luathghairme na Bliana

Bronnfar dámhachtain amháin ar **thaighdeoir luathghairme** atá i mbun taighde in HEI nó RPO faoi láthair, ar dámhachtaí ainmnithe de chuid IRC é nó í faoi láthair nó roimhe seo, agus atá, tráth déanta an ainmniúcháin ag léiriú fianaise ar leibhéal gnóthachtála eisceachtúil ina réimse féin ag an bpointe seo ina g(h)airm.

Déanfar meastóireacht ar an gcatagóir seo bunaithe ar shamplaí a thugann bunús le:

- taighde ar ardchaighdeán — bunaithe ar dhea-theist atá oiriúnach dá g(h)airmchéim;
- fianaise ar chumas feidhmiú mar cheannaire ina réimse:
- torthaí taighde a roinnt;
- tionchar an taighde ar eolas, teagasc agus foghlaim, an tsochaí, cultúr nó nuálaíocht;
- an cumas feidhmiú mar eiseamláir spreagúil do thaighdeoirí nua amach anseo.

Catagóir 3 — Dámhachtain Tionchair

Bronnfar dámhachtain amháin ar thaighdeoir atá nó a bhí á mhaoiniú ag IRC, atá ag obair laistigh nó lasmuigh de HEI/RPO, a bhfuil **tionchar suntasach lasmuigh den saol acadúil** ag a s(h)aothar. Ní gá go mbeadh ainmnithe incháilithe i mbun róil taighde faoi láthair.

Déanfar meastóireacht ar an gcatagóir seo bunaithe ar shamplaí a thugann bunús le:

- an tionchar atá ag a s(h)aothar, náisiúnta agus/nó idirnáisiúnta sa bhreis ar ghnáthscóip aschur taighde;
- fianaise ar chumas ceannaireachta agus tiomantas do dhifríocht a dhéanamh;
- fianaise ar an tionchar atá ag a s(h)aothar ar eolas, an tsochaí, cultúr nó nuálaíocht, lena n-áirítear trí theagasc, rannpháirtíocht sa phobal agus for-rochtain, de réir mar is ábhartha.

Tá tuilleadh eolais maidir leis na cineálacha tionchair a d'fhéadfadh a bheith i gceist le fáil in **Aguisín 1.**

Catagóir 4 — Duaiseanna do Chomhghuaillithe Taighde

Bronnfar na duaiseanna seo ar mheantóirí, maoirseoirí, oifigigh thaighde agus baill foirne tacaíochta teicniúla atá páirteach i gcóras ardoideachais na hÉireann agus a bhfuil **ról riachtanach acu chomh fada is a bhaineann le tacú leis an bpobal taighde acadúil** ag gach leibhéal gairme. Tá cead ag mic léinn iarchéime, comhaltaí iardhochtúireachta, baill foirne acadúla agus taighde gníomhacha, meantóirí, maoirseoirí, oifigigh thaighde agus baill foirne tacaíochta teicniúla a thacaíonn lena saothar agus gairmeacha a ainmniú.

Tabhair faoi deara: Chomh fada is a bhaineann leis an gcatagóir seo **ní** gá go mbeadh ainmnitheoirí agus ainmnithe á maoiniú faoi láthair nó roimhe seo ag IRC.

Beidh fianaise ar an méid seo a leanas le fáil in ainmniúcháin:

- ról tacúil meantóirí, maoirseoirí, oifigeach taighde agus ball foirne tacaíochta teicniúla a bhfuil baint acu leis an saol acadúil;
- conas ar chuir an duine cuí le forbairt ghairm acadúil an ainmnitheora;
- conas ar chabhraigh an duine cuí le cultúr acadúil atá dearfach agus measúil a fhorbairt.

Tá tuilleadh eolais maidir le Comhghuaillí Taighde le fáil in **Aguisín 2.**

Critéir cháilitheachta: catagóir 1 – 3

- Chomh fada is a bhaineann le hainmnithe i gcatagóir 1 – 3, ní mór gur daoine iad, a rinne iarratas ar agus a fuair, ina n-ainm féin, maoiniú ó IRC a raibh ról lárnach aige ina gcuid taighde agus/nó gairm thaighde, faoi cheann amháin nó níos mó de na catagóirí seo a leanas:
  - Scéimeanna scoláireachta do mhic léinn iarchéime;
  - Scéimeanna comhaltachtaí iardhochtúireachta;
  - Dámhachtainí tionscadal taighde, lena n-áirítear gach dámhachtain príomhthaighdeora: e.g. Dámhachtainí Laureate, COALESCE, Taighde maidir le Beartas agus Sochaí, *New Horizons, New Foundations*;
  - Tá cead ag iardhámhachtaí *Lindau Nobel Laureate Meeting Award*, *Creative Connections Award*, *Ulysses Award* nó dámhachtain taistil chosúil iarratas a dhéanamh ***díreach*** má bhí dámhachtain taighde amháin nó níos mó de chuid na Comhairle ina (h)ainm féin.
- Fáiltítear roimh iarratais ó ainmnithe atá ag obair i ngach disciplín.
- Is féidir le hainmnithe a bheith lonnaithe áit ar bith ar fud an domhain.
- Ní mór go mbeadh ainmnithe Chatagóir 1 agus 2 ag obair in HEI nó RPO faoi láthair.
- Is ceanglas le haghaidh Chatagóir 1 é PhD a bheith críochnaithe.
- Ní mór go mbeadh a PhD críochnaithe ag ainmnithe Chatagóir 1 ocht mbliana ar a laghad roimh an **1 Eanáir 2024**.
- Ní mór go mbeadh a gcáilíocht iarchéime is airde críochnaithe ag ainmnithe Chatagóir 2 ag tréimhse nach faide ná 8 mbliana roimh an **1 Eanáir 2024**.[3] Is féidir síneadh a chur leis an tréimhse incháilitheachta seo bunaithe ar shosanna gairme incháilithe[4].
- Ní mór go mbeadh conradh fostaíochta leis an institiúid ainmnithe (nó institiúid taighde eile thar lear) tráth déanta an iarratais ag iarrthóirí ar Chatagóir 2 ag leibhéal iardhochtúireachta nó níos airde. Ní mór go mbeadh iarrthóirí ar Chatagóir 2 ag leibhéal iarchéime á n-óstáil ag an institiúid ainmnithe (nó institiúid taighde eile thar lear) tráth déanta an iarratais.
- Ní cheadaítear stocaireacht a dhéanamh ar IRC nó ar an bpainéal breithniúcháin agus beidh a leithéid mar bhonn le dícháiliú uathoibríoch.
- Ní cheadaítear comhaltaí reatha de Bhord na Comhairle a ainmniú.

---

[3] Chun críche na dámhachtana seo, glacfar le dáta críochnaithe an PhD nó na cáilíochta iarchéime is airde mar an dáta bronnta.

[4] Áirítear i measc na sosanna gairme incháilithe saoire mháithreachais, saoire atharthachta, saoire uchtála agus saoire cúramóra (sonraithe in **Aguisín 3**). Beidh gá le fianaise dhoiciméadach ar shos gairme incháilithe má tá iarratas le déanamh ar eisceacht.

Critéir cháilitheachta: catagóir 4

- Ní mór na critéir seo a leanas a chomhlíonadh chun **meantóir nó maoirseoir** a ainmniú:
  - Ní mór gur taighdeoir iarchéime reatha nó iarthaighdeoir iarchéime thú nó taighdeoir dochtúireachta nó iarthaighdeoir dochtúireachta thú in HEI nó RPO incháilithe[5];
  - Ní mór go mbeadh tú ag feidhmiú faoi mheantóireacht / faoi mhaoirseacht an ainmní in HEI/RPO faoi láthair **nó** go raibh tú ag feidhmiú faoi mheantóireacht / faoi mhaoirseacht an ainmní in HEI/RPO le cúig bliana anuas;
  - Ní mór go mbeadh conradh fostaíochta reatha ag an ainmní le HEI nó RPO tráth déanta an iarratais.
- Ní mór na critéir seo a leanas a chomhlíonadh chun **oifigeach taighde nó ball foirne tacaíochta teicniúla a ainmniú:**
  - Is mac léinn iarchéime nó comhalta iardhochtúireachta thú faoi láthair nó roimhe seo (le cúig bliana anuas) in HEI/RPO ***nó*** is iarbhall foirne acadúil nó taighde gníomhach thú in HEI/RPO;
  - Ní mór go mbeadh an t-ainmní fostaithe mar bhall foirne ag HEI nó RPO incháilithe tráth déanta an iarratais.
- ***Ní*** gá go mbeadh ainmnitheoirí agus ainmnithe á maoiniú faoi láthair nó roimhe seo ag IRC.
- ***Ní*** gá go mbeadh ainmnitheoir páirteach sa saol acadúil tráth déanta an iarratais.
- Ní ghlacfar le féin-ainmniúcháin.
- Ní cheadófar d'ainmnitheoirí ach ***duine amháin a ainmniú i ngach catagóir ainmniúcháin.***

An próiseas ainmniúcháin: catagóir 1 – 2

Céim a haon — Ainmnithe

- Ní mór d'ainmnithe na foirmeacha ábhartha a chomhlánú, atá ar fail anseo.
- Ba cheart an fhoirm chomhlánaithe a sheoladh chuig an Oifigeach Taighde ainmnithe ina HEI/RPO.
- Ba cheart d'ainmnithe nach bhfuil lonnaithe in HEI/RPO Éireannach faoi láthair a gcuid foirmeacha a sheoladh ar aghaidh chuig an nOifigeach Taighde ainmnithe ag an HEI/RPO a raibh a ndámhachtain IRC luaite leis nó léi.

Céim a Dó — HEInna agus RPOnna

- Féadfaidh HEInna agus RPOanna ainmniúcháin a chur isteach (fear amháin agus bean amháin) faoi chatagóir amháin nó faoin dá chatagóir. Ceanglaítear ar HEInna/RPOanna (más féidir[6]) cothromaíocht inscne a chinntiú in *aon* chatagóir ar mhaith leo iarratas a dhéanamh lena haghaidh. Dá réir sin, féadfaidh HEI/RPO

[5] Tá liosta de HEInna agus RPOnna incháilithe le fáil ag an nasc seo.

[6] Baineann “más féidir” le cásanna nuair nach mbíonn iarrthóirí cáilithe ag institiúidí ó níos mó ná inscne amháin ar féidir leo a n-ainmnithe a roghnú as a measc. I gcásanna mar sin, breithneoidh an IRC, go heisceachtúil, an riail a bhaineann le hainmniúchán ó níos mó ná inscne amháin a áireamh i ngach catagóir a tharscaoileadh. Beidh na himthosca seo faoi réir fíoraithe a bheidh á dhéanamh ag an IRC.

cinneadh a dhéanamh dhá iarrthóir (fear amháin agus bean amháin sa chatagóir chéanna) nó ceathrar iarrthóirí (1 fhear agus 1 bhean i ngach catagóir) a chur san áireamh. Féadfar iarratas a dhéanamh le haghaidh ainmnithe neamh-dhénártha seachas an bhean nó an fear i ngach catagóir nó má tá fear incháilithe agus bean incháilithe sainaitheanta.

- Tá liosta de na HEInna/RPOnna atá incháilithe chun maoiniú a fháil ón gComhairle um Thaighde in Éirinn le fáil ar ár suíomh gréasáin.
- Ba cheart d'Oifigigh Thaighde foirmeacha ainmní a sheoladh ar aghaidh, i dteannta le foirm achoimre an HEI/RPO (ar fáil anseo), chuig rotya@research.ie tráth nach déanaí ná **4pm (am na hÉireann) ar an 29 Meán Fómhair 2023.**

An próiseas ainmniúcháin: catagóir 3

- Tá an chatagóir seo dírithe ar ainmniúcháin ón eagraíocht ina bhfuil an duine cuí ag obair faoi láthair nó ó bhaill foirne sa HEI/RPO ina bhfuil nó ina mbíodh an duine cuí ag obair (e.g. maoirseoir nó meantóir acadúil, oifig taighde, alumni agus oifig forbartha gairme).
- Moltar do bhaill foirne in HEInna/RPOanna teagmháil a dhéanamh le alumni IRC chun a n-aird a tharraingt ar an gcatagóir seo.
- Féadfaidh daoine bunachar sonraí Dámhachtaithe IRC a sheiceáil anseo lena chinntiú gur alumnus de chuid IRC an t-ainmní.
- Ní mór don ainmnitheoir an fhoirm ábhartha atá ar fáil anseo a chomhlánú.
- Ní ceanglas a bhaineann le haighneachtaí déanta faoi chatagóir 3 é cothromaíocht inscne.
- Níl aon teorainn leis an líon ainmniúchán is féidir le HEI/RPO a dhéanamh faoi chatagóir 3; mar atá sonraithe thuas, is féidir leis an eagraíocht ina bhfuil an duine ag obair faoi láthair ainmniúcháin a dhéanamh freisin.
- Ba cheart iarratais a sheoladh chuig an seoladh ríomhphoist rotya@research.ie tráth nach déanaí ná **4pm (am na hÉireann) ar an 29 Meán Fómhair 2023**.

An próiseas ainmniúcháin: catagóir 4

- Ní mór d'ainmnitheoirí an fhoirm ábhartha a chomhlánú, atá ar fáil anseo.
- Ní féidir le hainmnitheoirí níos mó ná duine amháin a ainmniú i ngach catagóir aonair (meantóir / maoirseoir / oifigeach taighde / baill foirne tacaíochta teicniúla).
- Ba cheart foirmeacha comhlánaithe a sheoladh chuig an seoladh ríomhphoist rotya@research.ie mar chomhad Word nó PDF ineagarthóireachta tráth nach déanaí ná **4pm (am na hÉireann) ar an 29 Meán Fómhair 2023**.
- Beidh sonraí atá le fáil sna hainmniúcháin faoi rún agus ní roinnfear iad le hainmnithe[7].
- Nuair a fhaightear na hainmniúcháin, deimhneoidh IRC leis na VPRanna/Déin/Cinn Taighde ábhartha gur baill foirne ina n-institiúidí ainmnithe iad na hainmnithe ar fad.

[7] D'fhéadfadh IRC sleachta anaithnidithe de théacs ó na foirmeacha ainmniúcháin a fhoilsiú mar chuid d'ábhar poiblíochta a bhaineann leis na duaiseanna amach anseo.

- Cuirfidh IRC scéala chuig ainmnithe maidir lena n-ainmniúchán agus, le toiliú uathu, tabharfar aitheantas poiblí dóibh ar shuíomh gréasáin agus ardáin meán sóisialta IRC.

Bronnadh an ndámhachtainí

Bronnfar plaic chuimhneacháin ar dhámhachtaithe Chatagóir 1 – 3 ag deireadh 2023. Gheobhaidh dámhachtaithe Chatagóir 4 teastas ardmholta oifigiúil ag deireadh 2023. Roinnfear eolas maidir leis na buaiteoirí trí fheachtas cumarsáide ar an meáin agus ar líne.

Príomhdhátaí

Oscailt na gairme	An 14 Iúil 2023
Spriocdháta CC	An 22 Meán Fómhair 2023
An spriocdháta ainmniúcháin	4pm (am na hÉireann) An 29 Meán Fómhair 2023
Fógairt na gairme	Nollaig 2023

Mura n-aimsíonn tú freagra do cheiste i ndoiciméid na gairme, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leis an Oifig Taighde i do HEI/RPO chun tuilleadh eolais a fháil. Is féidir le hoifigigh thaighde aon fhiosrúcháin nach bhfuil siad in ann a shoiléiriú a sheoladh chuig an seoladh ríomhphoist rotya@research.ie.

Aguisín 1: Cineálacha tionchair

Áirítear i measc na gcineálacha tionchair a d'fhéadfadh a bheith i gceist:

- Sóisialta agus Geilleagrach
- Oideachas agus Rochtain trí theagasc, for-rochtain agus rannpháirtíocht
- An Timpeallacht
- Comhionannas Inscne
- Sláinte agus Folláine
- Cearta an Duine
- Cultúrtha
- Ceapadh Beartais agus Tionchar
- Athchóiriú Dlí
- Forbairt Eolaíochta agus Teicneolaíochta
- Táirgeadh Táirgí agus Fiontraíocht

Léirítear i dtuarascáil *Campus Engage* dar teideal, Engaged Research Planning for Impact: Society and Higher Education Addressing Grand Societal Challenges Together 2022 an raon leathan cineálacha tionchair a d'fhéadfaí a bhreithniú anseo.

Seo a leanas roinnt samplaí d'obair a bhfuil tionchar sóisialta aici:

- Aschur taighde lena n-áirítear foilseacháin, teicneolaíochtaí agus acmhainní, ceardlanna agus imeachtaí eagraithe a raibh tionchar soiléir acu ar an bpobal seachas tionchar i gcomhthéacs acadúil amháin.
- Taighde forbartha i gcomhpháirt le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus cathartha cosúil le grúpaí pobail, eagraíochtaí neamhrialtasacha, eagraíochtaí neamhbhrabúis, grúpaí deonacha agus eagraíochtaí carthanacha.
- Taighde a chur le agus/nó a raibh tionchar aige ar cheapadh beartais rialtasach nó institiúideach.
- Táirgeadh nó beachtú teicneolaíochtaí a bhfuil tionchar sochaíoch soiléir acu.
- Taighde atá mar bhonn le nuálaíocht agus fiontraíocht agus a bhfuil tionchar sochaíoch soiléir aige.
- Taispeántais, cleachtais agus imeachtaí cultúrtha agus/nó cruthaitheacha.

Aguisín 2: Céard é comhghuaillí taighde?

- ***Gealltanas:*** Gealltanas tacú le taighdeoirí ag gach leibhéal gairme, lena n-áirítear mic léinn iarchéime agus comhaltaí iardhochtúireachta agus baill foirne sinsearacha taighde.
- ***Cumarsáid:*** Braitheann meantóireacht, maoirseacht agus tacaíocht taighde ar chumarsáid. Tá meantóirí, maoirseoirí agus oifigigh thaighde den scoth ar fáil do thaighdeoirí agus toilteanach cluas éisteachta a thabhairt dóibh mar aon le comhairle maidir le haon smaointe nó fadhbanna.
- ***Díograis agus Spreagadh:*** Tá spéis ag meantóirí, maoirseoirí agus oifigigh thaighde in obair agus tionscadail taighde a gcuid taighdeoirí. Bíonn ról spreagtha acu san earnáil ardoideachais.
- ***Treoir agus Spreagadh:*** Tá meantóirí agus maoirseoirí toilteanach saineolas agus treoir a roinnt nuair a bhíonn tionscadal taighde ar siúl agus a dtaighdeoirí luathghairme a spreagadh chun a machnamh a dhéanamh ar smaointe, coincheapa, modhanna agus ábhair nua. Tá neart saineolais agus taithí riaracháin ag oifigigh thaighde, agus tá aithne acu ar dhaoine agus tá siad páirteach i líonraí a bhfuil ról lárnach acu sa rath a bhíonn ar mhórthionscadail taighde.
- ***Cuntasacht*****:** Cinntíonn meantóirí agus maoirseoirí go bhfuil cuspóirí indéanta sonraithe ag a dtaighdeoirí luathghairme agus gur féidir leo a gcuid spriocanna a chomhlíonadh in am trátha agus ag barr a gcumais.
- ***Meas:*** Tá meas ag meantóirí, maoirseoirí agus oifigigh thaighde ar a mic léinn iarchéime agus baill foirne taighde mar chomhghleacaithe sa phobal acadúil. Cabhraíonn siad le timpeallacht taighde dhearfach a chruthú, timpeallacht atá saor ó idirdhealú, bulaíocht agus ciapadh.
- ***Comhbhá agus Tuiscint*****:** Tá meantóirí, maoirseoirí agus oifigigh thaighde den scoth airdeallach ar na dúshláin phearsanta nó acadúla go leor a d'fhéadfadh a bheith le sárú ag taighdeoir le linn dó nó di a bheith i mbun taighde. Bíonn siad comhbháúil agus tuisceanach nuair a bhíonn dúshláin le sárú.

Aguisín 3: Sosanna gairme incháilithe

Seo a leanas na tréimhsí liúntais a cheadaíonn IRC le haghaidh sosanna gairme incháilithe:

- Maidir le **saoire mháithreachais**, breithneofar go bhfuil an méid ama éifeachtaigh atá caite ó bronnadh an chéad PhD (nó an cháilíocht iarchéime is airde bainte amach) laghdaithe 18 mhí nó, má tá tréimhse níos faide i gceist, an méid saoire doiciméadaithe le haghaidh gach linbh i ndiaidh na chéad dámhachtana PhD, nó an cháilíocht iarchéime is airde a bronnadh.[8]

- Breithneofar go bhfuil an méid ama éifeachtaigh caite ó bronnadh an chéad PhD (nó an cháilíocht iarchéime is airde a bronnadh) laghdaithe an méid doiciméadaithe den **tsaoire atharthachta** tógtha le haghaidh gach linbh i ndiaidh na chéad dámhachtana PhD, nó an cháilíocht iarchéime is airde a bronnadh.

- Maidir le **saoire uchtála**, breithneofar go bhfuil an méid ama éifeachtaigh atá caite ó bronnadh an chéad PhD (nó an cháilíocht iarchéime is airde bainte amach) laghdaithe 18 mhí nó, má tá tréimhse níos faide i gceist, an méid saoire doiciméadaithe le haghaidh gach linbh i ndiaidh na chéad dámhachtana PhD, nó an cháilíocht iarchéime is airde a bronnadh.

- Maidir le **saoire thuismitheora/saoire cúramóirí**, breithneofar go bhfuil an méid ama éifeachtaigh atá caite ó bronnadh an chéad PhD (nó an cháilíocht iarchéime is airde bainte amach) laghdaithe an méid saoire doiciméadaithe iomlán a ghlac an t-iarrthóir i ndiaidh bhronnadh na chéad dámhachtana PhD, nó an cháilíocht iarchéime is airde a bronnadh.

- Ní mór fíorú maidir le **tinneas fadtéarmach** a sholáthar i bhfoirm teastas dochtúra. Maidir le tinneas fadtéarmach (os cionn 90 lá i gcás an iarrthóra nó ball neasteaghlaigh, i.e. leanbh, céile, tuismitheoir, siblín), breithneofar go bhfuil an méid ama éifeachtaigh atá caite ó bronnadh an chéim PhD (nó an cháilíocht iarchéime is airde bainte amach) laghdaithe an méid saoire doiciméadaithe iomlán a ghlac an t-iarrthóir i ndiaidh na chéad dámhachtana PhD, nó an cháilíocht iarchéime is airde a bronnadh.

- Ní mór fíorú maidir le **saoire tógtha le haghaidh cáilíochtaí cliniciúla, seirbhís mhíleata nó cúiseanna reachtúla dosheachanta eile** a sholáthar ar fhoirm chuí. Breithneofar go bhfuil an méid ama éifeachtaigh caite ó bronnadh an chéim PhD (nó an cháilíocht iarchéime is airde a bronnadh) laghdaithe an méid doiciméadaithe den tsaoire tógtha ag an iarrthóir le haghaidh gach cás a tharla i ndiaidh na chéad dámhachtana PhD, nó an cháilíocht iarchéime is airde a bronnadh.

[8] Is leor doiciméad lena ndeimhnítear tréimhse na saoire máithreachais ón roinn/ó na ranna AD ábhartha nó teastas breithe.